Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Márta 2022
(OR. fr)

7472/22

LIMITE

POLCOM 20
COMER 36
DELACT 54

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6987/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Rialachán tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 25.2.2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá<br>- Gníomh tarmligthe - Rún gan agóid a dhéanamh |

1. Chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite[1] faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2018/196 (códú) ón gComhairle[2] lena mbunaítear dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Le hAirteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2018/196, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán sin chun na hoiriúnuithe agus na leasuithe a thagann faoi raon feidhme Airteagal 3 de a dhéanamh.

[1] 6987/22 + ADD 1.
[2] IO L 44, 16.2.2018.

2. Tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt, an 25 Feabhra 2022, faoin ngníomh tarmligthe maidir le ráta na dleachta breise a leasú i gcomhréir leis na critéir a shainítear faoi Airteagal 3(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/196, féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 25 Aibreán 2022.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Trádála an gníomh tarmligthe agus, ós rud é nár chuir aon toscaireacht ina choinne an 1 Aibreán 2022, chomhaontaigh sí nach bhfuil aon fhorais ag an gComhairle agóid a dhéanamh ina choinne.

4. Dá bhrí sin, moltar do Coreper:

– a mholadh don Chomhairle a dheimhniú nach bhfuil sé ar intinn aici agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go gcuirfear an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin méid sin. Tugann sé sin le tuiscint, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2018/196 ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá.